Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2016**
**(OR. en)**

**10128/16**

**ENFOPOL 192**
**COPEN 204**
**DAPIX 101**
**COSI 107**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Meitheamh 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8770/16, 8819/16 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus Plean Gníomhaíochta maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí a chruthú<br>- Conclúidí ón gComhairle (9 Meitheamh 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn atá i gceangal leis seo Conclúidí ón gComhairle agus Plean Gníomhaíochta maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí a chruthú, a ghlac an Chomhairle ag an 3473ú cruinniú a bhí aici ar an 9 Meitheamh 2016.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí a chruthú**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

AG FÉACHAINT don fhiúntas a ghabhann le próifílí DNA, sonraí méarlorg agus sonraí cláraithe feithiclí a mhalartú trasna teorainneacha faoi Chinntí Prüm 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thrasteorann a chomhrac,

AGUS Cinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha atá i mbun gníomhaíochtaí saotharlainne a bhaineann le DNA agus le méarloirg Á CHUR SAN ÁIREAMH,

AG MEABHRÚ DI gur fhormheas an Chomhairle conclúidí i mí na Nollag 2011 maidir le limistéar Eorpach eolaíochta fóiréinsí a fhíorú faoi 2020, “ar limistéar é inar cheart gnáthphróisis fhóiréinseacha chun sonraí fóiréinseacha a bhailiú, a phróiseáil, a úsáid agus a sheachadadh a bhunú ar íoschaighdeáin chomhionanna eolaíochta fóiréinsí, agus inar cheart do sholáthróirí seirbhísí fóiréinseacha oibriú ar bhonn cur chuige coiteann i dtaca leis na caighdeáin sin a chur chun feidhme lena gcothófar comhar níos dlúithe idir na soláthróirí sin agus córais an cheartais choiriúil,

AG CUR SAN ÁIREAMH go meastar sna conclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2015 maidir le straitéis slándála inmheánaí athnuaite an Aontais Eorpaigh agus sa chlár oibre Eorpach maidir leis an tslándáil go bhfuil an eolaíocht fhóiréinseach ríthábhachtach i ndáil le forfheidhmiú an dlí agus le hionchúiseamh,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil an eolaíocht fhóiréinseach ag éirí níos tábhachtaí in ábhair choiriúla agus nach mór d’údaráis fhorfheidhmithe dlí agus d’údaráis bhreithiúnacha a bheith muiníneach go bhfuil na sonraí fóiréinseacha a mbíonn siad ag brath orthu ar ardcháilíocht, beag beann ar an dlínse faoinar táirgeadh nó faoinar próiseáladh an fhianaise,

AGUS AIRD Á TABHAIRT ar chuspóir an Aontais Eorpaigh an tAontas a choinneáil agus a fhorbairt mar limistéar saoirse, slándála agus ceartais, lena soláthrófar ardleibhéal slándála trí ghníomhaíocht choiteann idir na Ballstáit i réimse an chomhair phóilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go ndéanfaí, le limistéar Eorpach eolaíochta fóiréinsí, comhar a chothú agus muinín a thabhairt trí nósanna imeachta agus cleachtais na soláthróirí seirbhísí óiréinseacha sna Ballstáit a ailíniú, mar a luadh i straitéis slándála inmheánaí athnuaite an Aontais Eorpaigh,

AG MEABHRÚ DI gur limistéar saoirse, slándála agus ceartais é an tAontas, ina n-urramaítear cearta bunúsacha agus córais dhlithiúla agus traidisiúin dhifriúla na mBallstát, agus go mbeidh éagsúlachtaí idir cleachtais na mBallstát,

ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá a áirithiú go malartófar faisnéis i ndáil le fianaise eolaíoch ar bhealach éifeachtach agus iomchuí agus go bhfuil gá níos mó ann na sonraí fóiréinseacha ó Bhallstát amháin a úsáid i bpróisis bhreithiúnacha Ballstáit eile,

AITHNÍONN SÍ gur chuir na Ballstáit in iúl le linn an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí CGB a bhí ar siúl ar an 26 Eanáir 2016 in Amstardam gur mian leo malartú na faisnéise ó bhunachair shonraí fhóiréinseacha a leathnú, go háirithe i réimsí na n-arm agus armlóin, pléascán agus drugaí,

TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur réamhchoinníoll ríthábhachtach é maoiniú breise ón gCoimisiún le feabhas a chur ar an limistéar Eorpach eolaíochta fóiréinsí agus leis na bearta atá sa phlean gníomhaíochta atá i gceangal a chur chun feidhme,

TUGANN SÍ DÁ hAIRE an chabhair a tugadh i ndáil le forbairt eolaíochtaí fóiréinseacha chláir thaighde an Choimisiúin (Creatchlár 7 do na blianta 2007-2013 agus Fís 2020 do na blianta 2014-2020) agus i ndáil le Ciste Slándála Inmheánaí,

AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag an Líonra Eorpach d'Institiúidí um Eolaíocht Fhóiréinseach (ENFSI) mar ardán do mhalartú éifeachtúil an eolais fhóiréinsigh, agus an ról atá ag geallsealbhóirí agus ag soláthróirí seirbhísí eolaíochta fóiréinseacha eile, d’fhonn na híoscheanglais cáilíochta a fhorbairt do scrúduithe fóiréinseacha, cabhair idirnáisiúnta a éascú agus riachtanais chórasacha thábhachtacha a shainaithint don chomhphobal fóiréinseach,

AITHNÍONN SÍ gurb é CEPOL an ghníomhaireacht Eorpach atá freagrach as oiliúint a chur ar oifigigh fhorfheidhmithe dlí ar fud na hEorpa,

MEASANN SÍ gur gá an plean gníomhaíochta atá i gceangal a fhormhuiniú chun an bealach a réiteach le limistéar Eorpach eolaíochta fóiréinsí a chruthú,

IARRANN SÍ ar an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí agus ar mheithle ábhartha eile tuarascáil mheántéarma ar an dul chun cinn a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme an phlean ghníomhaíochta sa chéad leath de 2018 agus na torthaí a chur in iúl don Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach.

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA MAIDIR LEIS AN mBEALACH CHUN CINN I dTACA LE LIMISTÉAR EORPACH EOLAÍOCHTA FÓIRÉINSÍ A CHRUTHÚ

## 1. 'Lámhleabhair dhea-chleachtais[1] do dhisciplíneacha fóiréinseacha'

| **Tagairt:** | **1** |
|---|---|
| **Cuspóir:** | Feabhas a chur ar an muinín fhrithpháirteach trí fheabhas leanúnach a spreagadh ar cháilíocht na nósanna imeachta fóiréinseacha agus na bpróiseas fóiréinseach trí Lámhleabhair Dhea-chleachtais d'anailís fhóiréinseach a fhorbairt agus a úsáid. |
| **Réasúnaíocht:** | Déanfar nósanna imeachta a ailíniú ar bhealach níos fearr agus cuirfear feabhas ar cháilíocht na seirbhísí fóiréinseacha atá ar fáil d'fhorfheidhmiú dlí agus don cheartas ar fud na hEorpa má bhaineann soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha san Eoraip úsáid as na Lámhleabhair Dhea-chleachtais lena gcumhdaítear réimse leathan disciplíneacha fóiréinseacha - fóiréinseacha "traidisiúnta" mar aon le fóiréinseacha digiteacha. Beidh níos mó muiníne idir na Ballstáit mar thoradh air sin agus déanfar malartú na fianaise eolaíche a chuíchóiriú freisin.<br><br>Ceaptar an gníomh sin chun go spreagfar forbairt agus úsáid na Lámhleabhar Dea-chleachtais do gach disciplín fóiréinseach, go gcoimeádfar na Lámhleabhair Dhea-chleachtais chun dáta, go gcuirfear feabhas ar shainaithint na ndea-chleachtas agus roinnt na Lámhleabhar Dea-chleachtas agus go mbainfidh soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha níos mó úsáide as na Lámhleabhair Dhea-chleachtais ar fud na hEorpa.<br><br>Spreagfar úsáid na Lámhleabhar Dhea-chleachtais d'imscrúduithe eolaíochta fóiréinsí atá forbartha cheana ag ENFSI (an Líonra Eorpach d'Institiúidí um Eolaíocht Fhóiréinseach), mar shampla sa tionscadal 'I dtreo Caighdeánú Fóiréinseach san Eoraip trí Lámhleabhair Dhea-chleachtais', a bhfuil tacaíocht á fáil aige ó chlár Ard Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile an Choimisiúin Eorpaigh chun an choireacht a chosc agus achomhrac[2].<br><br>Moltar do ENFSI a Lámhleabhair Dhea-chleachtais a roinnt leis na soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha uile san Eoraip, soláthróirí nach comhaltaí iad san áireamh. Moltar don Choimisiún tacú le ENFSI na Lámhleabhair Dhea-chleachtais atá forbartha cheana a choimeád chun dáta agus Lámhleabhair Dhea-chleachtais a fhorbairt do na disciplíneacha fóiréinseacha eile de réir mar is gá.<br><br>Moltar do na comhlachtaí náisiúnta creidiúnaithe aird a thabhairt ar Lámhleabhair Dhea-chleachtais ENFSI nó ar Lámhleabhair Dhea-chleachtais eile a bhfuil aitheantas tugtha ag an gcomhphobal fóiréinseach dóibh agus na próisis chreidiúnaithe á gcomhlíonadh acu i ndáil leis na soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha. Spreagfar úsáid na lámhleabhar leis sin.<br><br>Féadfar comhar a lorg ón gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, go háirithe coiste an tionscadail CEN/TC 419 atá ag obair ar Phróisis na hEolaíochta Fóiréinsí. |

1 Baintear úsáid as an téarma LDC leis na cleachtais a bhfuil glactha leo go heolaíoch a léiriú tráth a gcruthaítear iad. Ní thugtar le tuiscint leis an téarma LDC gurb iad na cleachtais a leagtar amach sa lámhleabhar seo amháin a úsáidtear mar dhea-chleachtais sa réimse fóiréinseach. Ós rud é gur úsáideadh an téarma LDC i gconclúidí 2011 ón gComhairle maidir leis an limistéar Eorpach eolaíochta fóiréinsí, coimeádadh an téarma LDC ar mhaithe le comhleanúnachas agus aithint.

2 HOME/2012/ISED/MO/4000004278.

| | |
|---|---|
| **Toradh:** | Mar thoradh ar lámhleabhair dhea-chleachtais a úsáid déanfar na nósanna imeachta fóiréinseacha a ailíniú agus tiocfaidh méadú ar an muinín idir na Ballstáit a roinneann sonraí fóiréinseacha. |
| **Gníomhaíochtaí agus gníomhaithe atá freagrach:** | 1. Iarrtar ar an gCoimisiún, i gcomhar le ENFSI agus geallsealbhóirí ábhartha eile, tús a chur le breithniú na Lámhleabhar dea-chleachtais atá ar fáil i réimsí éagsúla na heolaíochta foiréinsí, féachaint an nuashonrú atá de dhíth agus na bearnaí atá fós ann (COM, ENFSI).<br>2. Iarrtar ar an gCoimisiún dlús a chur le forbairt na lámhleabhar dea-chleachtais trí ghníomhaíochtaí a fhóirdheonú (COM).<br>3. Iarrtar ar ENFSI na Conclúidí ón gComhairle ó 2011 a chur chun feidhme tríd an méid a leanas a dhéanamh:<br>a) Lámhleabhair dhea-chleachtais (LDCanna) do réimsí éagsúla eolaíochta foiréinsí a roinnt leo siúd nach baill de ENFSI iad, mar shampla trína bhfoilsiú ar shuíomhanna gréasáin atá ar fáil go poiblí;<br>b) LDCanna nua a fhorbairt agus LDCanna atá ann cheana a nuashonrú, lena n-áirítear LDCanna d'Imscrúduithe láithreacha coireanna;<br>c) Soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha (Ballstáit agus ENFSI) a spreagadh chun LDCanna a úsáid;<br>d) LDCanna a aistriú go gach teanga de chuid an Aontais Eorpaigh chun a dtionchar a mhéadú agus a n-úsáid a spreagadh (na Ballstáit le cúnamh ó ENFSI);<br>4. Moltar do na comhlachtaí náisiúnta creidiúnaithe aird a thabhairt ar Lámhleabhair Dhea-chleachtais ENFSI nó ar Lámhleabhair Dhea-chleachtais eile a bhfuil aitheantas tugtha ag an gcomhphobal fóiréinseach dóibh agus na próisis chreidiúnaithe á gcomhlíonadh acu i ndáil leis na soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha (comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta, Comhar na hEorpa um Chreidiúnú). |
| **Grúpaí eile/réimsí eile beartais:** | Ba cheart comhordú a lorg le comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta, le Comhar na hEorpa um Chreidiúnú (EA), le CEN/TC 419, agus leis an gCoimisiún. |
| **Comhordaitheoir(í):** | ENFSI |
| **Pleanáil:** | Gníomhaíocht 1 le críochnú roimh dheireadh 2016. Is gníomhaíochtaí leanúnacha iad gníomhaíochtaí 2 agus 3. |

## 2. 'Malartú faisnéise fóiréinsí ó bhunachair shonraí a spreagadh, mar shampla i réimsí na n-arm agus armlóin, na bpléascán agus na ndrugaí’

| | |
|---|---|
| **Tagairt:** | **2** |
| **Cuspóir:** | Malartú faisnéise fóiréinsí ó bhunachair shonraí a spreagadh ar bhealach atá cosúil leis an mhodheolaíocht a úsáideadh faoi Chinntí Prüm, is é sin Cinneadh 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB, ag díriú ar réimsí na n-arm agus armlóin, na bpléascán agus na ndrugaí. |
| **Réasúnaíocht:** | Le linn chruinniú neamhfhoirmiúil na Comhairle CGB ar an 26 Eanáir 2016, dúirt na Ballstáit gur theastaigh uathu an malartú faisnéise fóiréinsí ó bhunachair sonraí fóiréinseacha náisiúnta a mhéadú ar bhealach a bheadh cosúil leis an méid a rinneadh faoi Chinntí Prüm, mar shampla i réimsí na n-arm agus armlóin, na bpléascán agus na ndrugaí.<br><br>Ina theannta sin, de réir mar a éireoidh algartaim aghaidh-aitheanta níos fearr, beidh féachaint, i bhfóram cuí, an bhféadfaí bunachair shonraí fóiréinseacha d’aghaidheanna a choinneáil, ar nós na gcinn atá ann don ADN agus do mhéarloirg, mar pharaiméadar comhlántach don aitheantas bithmhéadrach.<br><br>Beidh malartú feabhsaithe faisnéise fóiréinsí sna réimsí sin ina chúnamh sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta.<br><br>Tá ENFSI ag obair ar an tionscadal seo a leanas faoi láthair: ‘I dtreo Bunachair Shonraí Uile Eorpacha a Fhorbairt san Eolaíocht Fhóiréinseach, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach - Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile (cód: HOME/2014/ISPP/AG/ENFSI/4000007822). Is gá do ENFSI, do na Ballstáit, do Europol agus don Choimisiún oibriú le chéile le cinntiú go leanfar le torthaí an tionscadail sin, amhail bunachair shonraí nuafhorbartha nó bunachair shonraí náisiúnta a ndearnadh a nascadh le chéile le déanaí, ina mbeadh mar shampla faisnéis chúlra atá riachtanach le go bhféadfaidh saineolaithe fóiréinseacha tuairimí fónta, iontaofa nó tuairimí ina mbeadh fianaise fhóiréinseach a chur ar fáil.<br><br>Ina theannta sin, ba cheart torthaí thionscadal EFFECT (Scrúduithe ar Airm agus ar Fhóiréinsic san Eoraip agus trasna na gCríocha) a chur san áireamh. Ba cheart comhordú a lorg le tionscadail chomhchosúla eile, mar shampla tionscadal ODYSSEY CC7 (an 7ú Creatchlár Taighde) (Ardán Straitéiseach Uile-Eorpach um Fhaisnéis Bhalaistíochta chun an Choireacht Eagraithe agus an Sceimhlitheoireacht a Chomhrac) agus tionscadal RESPONSE (Bailigh, déan Anailís, Eagraigh, Meas, Roinn - Freagairt ar na Dúshláin san Anailís Fhóiréinseach maidir le Drugaí) agus EMPACT (Clár Oibre Ildisciplíneach Eorpach i gCoinne Bagairtí Coiriúla).<br><br>Trí úsáid a bhaint as torthaí mar sin, is féidir feabhas a chur ar mhalartú faisnéise fóiréinsí, ag tosú le sonraí an eolais agus ansin, níos faide amach anseo, fianaise. |

| | |
|---|---|
| **Toradh:** | Tiocfaidh méadú ar mhalartú sonraí fóiréinseacha idir na Ballstáit, rud a bheidh ina chabhair chun an choireacht agus an sceimhlitheoireacht trasteorann a chomhrac |
| **Gníomhaíochtaí agus gníomhaithe atá freagrach astu:** | 1. Iarrtar ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar na féidearthachtaí dlí agus ar na deiseanna straitéiseacha chun malartú na faisnéise a leathnú i réimsí éagsúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh (na Ballstáit);<br>2. Iarrtar ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht chun sonraí fóiréinseacha a mhalartú (na Ballstáit);<br>3. Iarrtar ar Europol na féidearthachtaí i dtaca le malartú faisnéise fóiréinsí a mhapáil le go ndéanfaidh COSI iad a mheas (Europol);<br>4. Ba cheart comhordú a lorg leis na gníomhaíochtaí ábhartha faoin bPlean Gníomhaíochta Oibríochtúil (OAP) maidir le hAirm Thine agus faoin OAP maidir le Drugaí (drugaí sintéiseacha, cócaon agus hearóin), faoi bhrat EMPACT (Europol, na Ballstáit);<br>5. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar (réamh-)thorthaí tionscadal éagsúil amhail ‘I dtreo Bunachair Shonraí Uile-Eorpacha a Fhorbairt san Eolaíocht Fhóiréinseach’ EFFECT, ODYSSEY agus RESPONSE agus iad a úsáid mar ionchur le straitéis iomchuí a fhorbairt chun feabhas a chur ar mhalartú fianaise foiréinsí (ENFSI, MS, Europol, COM);<br>6. Tionscadail taighde nua a fhorbairt, ag baint úsáid as ionstraimí cistiúcháin Fhís 2020 chun ullmhú don todhchaí sa réimse seo (le sainiú);<br>7. Iarrtar ar na Ballstáit féachaint an bhfuil bunachair shonraí náisiúnta chomhchosúla don mhalartú fóiréinseach agus cad iad na cineálacha sonraí fóiréinseacha atá oiriúnach don mhalartú ar líne mar sin agus iarrtar orthu idir-inoibritheacht na mbunachar sonraí/na gcóras scrúdúcháin atá ann cheana a chothú ar bhealach a bheadh cosúil leis an modheolaíocht a úsáidtear faoi Chinntí Prüm (ENFSI i gcomhar leis na Ballstáit);<br>8. Ba cheart do shaineolaithe na mBallstát cineálacha sonraí fóiréinseacha nach bpróiseáiltear i mbunachair shonraí choiteanna inchomparáide a shainiú d’fhonn comh ailíniú/comhchaighdeánú a bhaint amach agus a fhorbairt i ndáil le tuairisciú sonraí; leis sin d’fhéadfadh na Ballstáit comparáidí fóiréinseacha a iarraidh do na córais scrúdúcháin sin sna cásanna sin a mbeadh an-tábhacht ag baint leo (na Ballstáit);<br>9. Ba cheart féachaint ar an méid is féidir a dhéanamh le bunachair shonraí fóiréinseacha d’aghaidheanna, amhail na bunachair sin atá ann i gcás ADN agus méarlorg, mar pharaiméadar comhlántach don aitheantas bithmhéadrach (na Ballstáit, i gcomhar le ENSFI). |
| **Réimsí eile/ grúpaí eile beartais:** | Ba cheart comhordú a lorg le DAPIX, GENVAL, Europol agus COSI. |
| **Comhordaitheoir(í):** | ENFSI i gcomhar leis na Ballstáit |
| **Pleanáil:** | Cuir tús leis sa dara leath de 2016 le gníomhaíochtaí athbhreithnithe agus mapála. An chéad phlean gníomhaíochta don mhalartú faisnéise trí bhunachar sonraí (nasctha nó lárnach) in 2017. |

### 3. 'Tástálacha inniúlachta agus cleachtaí comhoibríocha do na disciplíní fóiréinseacha'

| **Tagairt:** | **3** |
|---|---|
| **Cuspóir:** | Muinín fhrithpháirteach a fheabhsú trí thástálacha inniúlachta agus trí chleachtaí comhoibríocha a bheith á n-úsáid níos minice ag soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha. |
| **Réasúnaíocht:** | Tá tástálacha inniúlachta agus chleachtaí comhoibríocha tábhachtach chun nósanna imeachta a thástáil chomh maith le cumas na gcleachtóirí fóiréinseacha a choinneáil. Tomhais ar cháilíocht na scrúduithe sin a dhéantar is ea an rannpháirtíocht sna tástálacha, agus cuirtear trédhearcacht agus aiseolas ar fáil maidir le feidhmíocht. Trí thástálacha inniúlachta a úsáid níos minice tiocfaidh feabhas ar chaighdeán na soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha agus méadófar an mhuinín idir na Ballstáit a mhalartaíonn sonraí fóiréinseacha.<br><br>Níl fáil ar na tástálacha inniúlachta i ngach disciplín fóiréinseach. Ba cheart forbairt na dtástálacha sin a spreagadh agus ba cheart tacú leis an bhforbairt sin. Ina theannta sin, ba cheart an líon is mó soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha is féidir a spreagadh chun na tástálacha seo a úsáid agus ba cheart tacú leo i ndáil leis sin freisin. |
| **Toradh:** | Má thagann méadú ar úsáid na dtástálacha inniúlachta agus na gcleachtaí comhoibríocha i measc soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha, tiocfaidh méadú freisin ar an muinín sna sonraí eolaíochta fóiréinsí a ghintear sna Ballstáit éagsúla. |
| **Gníomhaíochtaí agus gníomhaithe atá freagrach astu:** | 1. Liosta a dhéanamh de sholáthróirí na dtástálacha inniúlachta fóiréinsí agus na réimsí saineolais a shainaithint (lena n-áirítear imscrúduithe láithreacha coireanna agus fianaise dhigiteach) nach bhfuil tástálacha inniúlachta ar fáil iontu nó ina bhfuil gá le tástálacha inniúlachta ar chaighdeán níos fearr (ENFSI);<br><br>2. Na tástálacha inniúlachta atá ar fáil a mheas trí sholáthróirí éagsúla agus liosta a dhéanamh de na trialacha inmholta ar féidir a roghnú ó na soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha (ENFSI);<br><br>3. A chinneadh cad iad na tástálacha inniúlachta breise is gá a fhorbairt (na Ballstáit agus ENFSI);<br><br>4. Tástálacha inniúlachta breise a fhorbairt le tacaíocht ón gCoimisiún (soláthróirí éagsúla, ENFSI, COIM);<br><br>5. Féachaint cé mhéad tástálacha ar féidir le ENFSI a dhéanamh in aghaidh na bliana i gcomhréir le hinniúlacht a mheithleacha (ENFSI);<br><br>6. Tá na Ballstáit meáite ar a gcuid soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a spreagadh chun na tástálacha inniúlachta arna n-oibriú nó arna moladh ag ENFSI a dhéanamh (Ballstáit, ENFSI);<br><br>7. Iarrtar ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí thuasluaite a fhóirdheonú (COIM), mar shampla trí ghníomhaíochtaí nua taighde agus nuálaíochta a fhorbairt, ag baint úsáid as ionstraimí cistiúcháin Fís 2020 chun ullmhú don todhchaí sa réimse sin. |
| **Grúpaí eile/réimsí eile beartais:** | Ba cheart comhordú a lorg leis na Ballstáit, le soláthróirí éagsúla tástálacha inniúlachta agus leis an gCoimisiún. |
| **Comhordaitheoir(í):** | ENFSI |
| **Pleanáil:** | Gníomhaíochtaí 1, 2, 3, 5 agus 7 críochnaithe faoin gcéad leath de 2017. Is gníomhaíochtaí leanúnacha iad gníomhaíochtaí 4 agus 6. |

## 4. ‘Feasacht agus oiliúint fhóiréinseach do lucht forfheidhmithe dlí agus lucht ceartais’

| | |
|---|---|
| **Tagairt:** | **4** |
| **Cuspóir:** | Feasacht ar fhóiréinsic a fheabhsú i measc lucht forfheidhmithe dlí agus lucht ceartais |
| **Réasúnaíocht:** | Trí fheasacht ar fhóiréinsic a fheabhsú i measc lucht forfheidhmithe dlí agus lucht ceartais, cothófar tuiscint níos fearr agus muinín sna soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha. Trí fheasacht níos mó a thabhairt do lucht forfheidhmiú dlí agus lucht ceartais maidir leis na féidearthachtaí agus na teorainneacha (ginearálta) a bhaineann leis an eolaíocht fhóiréinseach, chomh maith leis na forbairtí reatha, beidh siad in ann fianaise fhóiréinseach a thuiscint agus a scrúdú go grinn.<br><br>Is éard is aidhm don ghníomhaíocht seo forbairt agus úsáid cúrsaí feasachta fóiréinsice a spreagadh do phóilíní, do shaineolaithe fóiréinseacha, do bhaill de sheirbhísí éigeandála, d’ionchúisitheoirí agus do bhreithiúna. Ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ag na cúrsaí sin feasacht ghinearálta ar fhóiréinsic a mhéadú, ach is gá freisin iad a oiriúnú do dhisciplíní fóiréinseacha ar leith, mar shampla fóréinsic dhigiteach nó anailís fhóiréinseach ar ADN. D'fhéadfadh an fhoghlaim a dhéanamh trí chúrsaí traidisiúnta nó trí mheán na ríomhfhoghlama, trí aipeanna nó seimineáir ghréasáin srl.<br><br>Ba cheart comhordú a lorg le tionscnaimh atá ann faoi láthair. |
| **Toradh:** | Ardófar leibhéal na feasachta ar fhóiréinsic i measc ionchúisitheoirí, póilíní agus breithiúna, rud a áiritheoidh go mbeidh tuiscint níos fearr ar an bhfianaise fhóiréinseach nuair a úsáidfear sa chúirt í. |

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí agus gníomhaithe atá freagrach astu:** | 1. Dul i gcomhairle le heintitis éagsúla forfheidhmithe dlí agus le heintitis de chuid an chórais cheartais chun réimsí tosaíochta a shainaithint le haghaidh oiliúint maidir le feasacht fhóiréinseach (na Ballstáit, CEPOL, GEOB).<br>2. Mapáil a dhéanamh ar ábhair oiliúna atá ann cheana maidir leis an bhfóiréinsic agus é mar aidhm go mbainfidh geallsealbhóirí fhorfheidhmiú an dlí, agus na breithiúna, leas aisti (CEPOL agus na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún agus/nó leis an nGrúpa Eorpach Oiliúna agus Oideachais maidir leis an gCibearchoireacht (ECTEG)).<br>3. Sineirgí leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (GBE) a shainaithint in Ábhair Choiriúla chun oiliúint agus ábhair chun feasacht a mhúscailt a chur ar fáil sa réimse seo (GBE agus COM).<br>4. Cistiú ón Aontas a chur ar fáil chun cláir oiliúna fhóiréinseacha do phobal an cheartais agus an fhorfheidhmithe dlí i gcás nach bhfuil na cláir sin ar fáil go fóill (COM).<br>5. Oiliúint iomchuí a fhorbairt i dteicneolaíochtaí/modhanna nua a úsáidtear le linn imscrúdú a dhéanamh ar láithreacha coire (na Ballstáit i gcomhar le CEPOL);<br>6. Cúrsa gearr a fhorbairt maidir le feasacht fhóiréinseach do chomhaltaí de chuid seirbhísí éigeandála agus príomhfhreagróirí eile, mar shampla tríd an ríomhfhoghlaim (CEPOL agus na Ballstáit i gcomhar le ENFSI);<br>7. Cláir oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le feasacht ar an bhfóiréinsic, mar shampla tríd an ríomhfhoghlaim (CEPOL agus na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún);<br>8. CEPOL le seimineáir oiliúna a eagrú maidir le bailiú fóiréinseach fianaise (CEPOL);<br>9. Europol le leathanach gréasáin a chruthú ar a láithreán gréasáin le gur fusa a bheidh sé faisnéis fhóiréinseach a mhalartú/le go bhféadfar leas a bhaint as AES - Ardán Eorpach do Shaineolaithe (Europol).<br>10. Cineálacha oiliúna do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí a chur chun feidhme maidir le leas a bhaint as forbairtí san eolaíocht fhóiréinseach in imeachtaí dlíthiúla agus in imeachtaíréamhthrialacha (réimsí nua taighde, trealamh nua, léiriú níos fearr ar thorthaí, caighdeánú ar mhodhanna taighde) (GEOB i gcomhar le ENFSI agus COM); |
| **Grúpaí/réimsí eile beartais:** | Comhordú le CEPOL, leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB), leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (GBE), le Eurojust, le Europol, le ENFSI, le hinstitiúidí fóiréinseacha eile, leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, ba cheart an comhordú sin a lorg. |
| **Comhordaitheoir(í):** | CEPOL, GEOB |
| **Pleanáil:** | Gníomhaíochtaí 1, 2, 3 agus 4 críochnaithe faoin gcéad leath de 2017. Gníomhaíochtaí leanúnacha iad gníomhaíochtaí 5, 6, 7, 8 agus 10, gníomhaíocht 9 críochnaithe roimh 2018. |

## 5. ‘Creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha agus inniúlacht pearsanra fhóiréinsigh a spreagadh ar bhonn deonach’

| | |
|---|---|
| **Tagairt:** | **5** |
| **Cuspóir:** | Creidiúnú nósanna imeachta fóiréinseacha agus inniúlacht pearsanra fhóiréinsigh a spreagadh I measc soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha ar bhonn deonach. |
| **Réasúnaíocht:** | Má chreidiúnaítear nósanna imeachta fóiréinseacha a dhéanann soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha, is fusa a bheidh sé fianaise fhóiréinseach a mhalartú toisc go gcuirfear feabhas ar an muinín as cáilíocht nósanna imeachta fóiréinseacha agus, dá bharr sin, as na torthaí fóiréinseacha a fhaightear i mBallstáit éagsúla. Sna freagraí a thug siad ar an gceistneoir maidir leis an Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí, mar atá sa doiciméad forléargais (15051/15), léirigh formhór mór na bhfreagróirí gur fíorthábhachtach é creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha. Is próiseas céimseach é creidiúnú a bhaint amach agus éilítear cúram mór agus acmhainní leis acmhainní pearsanra mar aon le hacmhainní airgeadais. I ngeall ar acmhainní a bheith teoranta, áfach, bíonn brú mór ar sholáthróirí seirbhísí fóiréinseacha, ní hamháin chun seirbhís ardcháilíochta a choimeád, ach chun ceanglais fhoirmiúla maidir le dearbhú cáilíochta a chomhlíonadh freisin. Tá sé tábhachtach, áfach, go leanfar de chreidiúnú nósanna imeachta fóiréinseacha a spreagadh go mór.<br><br>Ba cheart don Choimisiún plean gníomhaíochta a fhorbairt chun creidiúnú nósanna imeachta fóiréinseacha a spreagadh ar bhonn deonach, ag díriú ar na réimsí sin ina dtáirgtear sonraí a d'fhéadfaí a chur ar fáil ar an leibhéal idirnáisiúnta, amhail airm agus armlón, pléascáin agus drugaí, a tugadh chun suntais mar thosaíochtaí ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí ceartais agus gnóthaí baile ar an 26 Eanáir 2016. Seachas an fóiréinsic “thraidisiúnta”, is léir ónar thit amach le déanaí go bhfuil géarghá le sonraí fóiréinseacha digiteacha iontaofa a mhalartú go gasta, a d’fhéadfaí a úsáid mar fhianaise sa chúirt lasmuigh de dhlínse an Bhallstáit tionscnaimh. Dá bhrí sin, ba cheart creidiúnú nósanna imeachta fóiréinseacha a shaothrú mar ábhar tosaíochta sa réimse seo freisin. Beidh sé mar aidhm sa phlean gníomhaíochta go gcuirfear deireadh leis na bacainní agus go dtabharfar tacaíocht d’institiúidí eolaíochta fóiréinsí a lorgaíonn creidiúnú dá gcuid nósanna imeachta. Iarrtar ar an gCoimisiún acmhainní a chur ar fáil chun creidiúnú a spreagadh.<br><br>Dar le formhór mór d'fhreagróirí na ceistneora, tá sé an-tábhachtach a chloí le critéir íosta inniúlachta do phearsanra eolaíochta fóiréinsí, agus tá sé sin mar chuid, go pointe áirithe, de na próisis chreidiúnúcháin. Is é an buiséad arís an chonstaic is tábhachtaí a luaitear. Ba cheart don Choimisiún plean gníomhaíochta a fhorbairt maidir leis an gcaoi ar féidir dul chun cinn a dhéanamh ar bhonn deonach sa dearbhú inniúlachta agus san oiliúint inniúlachta do phearsanra fóiréinseach. Féadfar comhar le ENFSI a lorg i ndáil leis sin.<br><br>Ba cheart comhar a lorg le tionscnaimh atá ann cheana chun inniúlachtaí pearsanra fóiréinseach a fheabhsú - *e.g.* clár Hercule III, a bhfuil sé mar aidhm leis an chalaois, an t-éilliú agus neamhrialtachtaí eile a chomhrac, lena n-áirítear deiseanna chun oiliúint a fháil i réimse na fóiréinsice digití. |

| | |
|---|---|
| **Toradh:** | Plean gníomhaíochta a fhorbairt chun creidiúnú nósanna imeachta fóiréinseacha a spreagadh ar bhonn deonach, agus é dírithe ar réimsí maidir le hairm agus armlóin, pléascáin, drugaí agus maidir leis an bhfóiréinsic dhigiteach chomh maith le creidiúnú deonach a spreagadh do chaighdeáin aontaithe i ndáil le fianaise a bhailiú ó láthair coire (COM);<br><br>Ina theannta sin, plean gníomhaíochta a fhorbairt chun dearbhú inniúlachta a spreagadh do phearsanra fóiréinseacha agus d'oifigigh láithreacha coire ar bhonn deonach (COM). |
| **Gníomhaíochtaí agus gníomhaithe atá freagrach astu:** | Iarrtar ar an gCoimisiún na pleananna gníomhaíochta thuasluaite a fhorbairt. |
| **Grúpaí/réimsí eile beartais:** | Ba cheart féachaint le comhordú a dhéanamh leis na Ballstáit, le ENFSI, le soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha, le boird náisiúnta don chreidiúnú, leis an gComhar Eorpach don Chreidiúnú (EA) agus leis an gCoimisiún. |
| **Comhordaitheoir(í):** | An Coimisiún |
| **Pleanáil:** | Ba cheart go mbeadh an chéad phlean gníomhaíochta maidir le ceann amháin den dá thoradh críochnaithe faoi 2018 agus an dara ceann críochnaithe faoi 2020. |

## 6. 'Malartú sonraí fóiréinseacha via Prüm a spreagadh agus a gcáilíocht a fheabhsú'

| | |
|---|---|
| **Tagairt:** | **6** |
| **Cuspóir:** | Cur chun feidhme iomlán chinntí Prüm a spreagadh, is é sin Cinneadh 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB, chun próifílí DNA agus méarloirg a mhalartú. Ina theannta sin, feabhas a chur ar cháilíocht sonraí fóiréinseacha a mhalartaítear idir na Ballstáit go léir faoi Chinntí Prüm. |
| **Réasúnaíocht:** | Bhí rath mór ar an malartú de phróifílí DNA agus de mhéarloirg san Aontas trí bhunachair shonraí a nascadh faoi Chinntí Prüm, is é sin Cinneadh 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB den 23 Meitheamh 2008, cé nár cuireadh na Cinntí i bhfeidhm ina n-iomláine sna Ballstáit uile ná idir na Ballstáit uile go fóill. Ina theannta sin, féadfar feabhas a chur ar chúrsaí fós ó thaobh cháilíocht na sonraí a mhalartaítear. Le cur chun feidhme agus le malartú sonraí fóiréinseacha idir na Ballstáit, cuideofar leis an gcoireacht trasteorann a chomhrac. |
| **Toradh:** | Cinntí Prüm a chur chun feidhme tuilleadh agus feabhas a chur ar cháilíocht sonraí fóiréinseacha, a chuideoidh leis an gcoireacht trasteorann a chomhrac ar bhealach níos fearr. |
| **Gníomhaíochtaí agus gníomhaithe atá freagrach astu:** | 1. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Chinntí Prüm (DAPIX);<br>2. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm Chinntí Prüm ó lá go lá – bacainní (DAPIX);<br>3. Anailís ar a bhféadfaí a dhéanamh chun an líon de mheaitseáileacha deimhneacha bréagacha le próifílí DNA a laghdú (DAPIX);<br>4. Taithí a mhalartú i gcur chun feidhme agus i bhfeidhmiú leanúnach na cumarsáide idir na córais atá ag an Aontas agus ag na Ballstáit, go háirithe cúnamh frithpháirteach maidir le réiteach a fháil ar na fadhbanna a thagann chun cinn ní hamháin nuair a bhíonn an cur chun feidhme ar bun, ach san obair reatha freisin (na Ballstáit i gcomhar le DAPIX);<br>5. Sásraí a fhorbairt chun go dtabharfar fógra frithpháirteach go gasta i gcás nach mbeadh an feidhmchlár ar fáil (e.g. fadhbanna tobanna teicniúla, gnáthmhodhnuithe ar chórais) (na Ballstáit i gcomhar le DAPIX);<br>6. Cuardach chun teacht ar réitigh nua/smaointe nua chun malartú sonraí DNA nó sonraí méarlorg idir Ballstáit an Aontais a fheabhsú agus a chuíchóiriú (DAPIX);<br>7. Anailís a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir barrfheabhas a chur ar na nósanna imeachta a dhéanfar i ndiaidh Chinntí Prüm (DAPIX). |
| **Grúpaí/réimsí eile beartais:** | Ba cheart comhordú leis an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX), leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún a lorg. |
| **Comhordaitheoir(í):** | An Uachtaránacht i gcomhar le hArdrúnaíocht na Comhairle agus le COM |
| **Pleanáil:** | Le sainiú ag DAPIX. |